

Nuacht Fhine Gall

Eagrán

Uimh 17

Márta
2021

**Do Chomhairle,
ag obair duitse**

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



TÚS NUA

AG TABHAIRT AGHAIDH AR DHÚSHLÁN

AN ATHRAITHE AERAIDE I BHFINE GALL

LAISTIGH

Cabhraigh chun stop a chur le dumpáil mídhleathach – Leathanach 3

Radhairc ó Fhine Gall – Leathanaigh 12 agus 13

Rath do Shord – Leathanach 23

Éirí na Gréine ag Oileán Sionnaigh, Na Sceirí

Teachtaireacht ón Mhéara



Agus muid ag dul isteach i 2021, tá go leor dúshlán romhainn mar phobal. Táimid fós faoi smacht phaindéim Covid-19 agus caithfidimid go léir treoirínte sláinte poiblí agus srianta reatha a leanúint chun ár gcuidse a dhéanamh chun an víreas a throid. Mar aon lenár n-údaráis sláinte poiblí, ní mór dúinn sinn féin agus a

chéile a chosaint.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag tacú le gach duine inár bpobail chun na srianta reatha a shárú agus teacht amach ar an taobh eile níos láidre agus sinn ag súil le 2021 níos rathúla. Rith mo chomhghleacaithe agus mé féin sa Chomhairle buiséad láidir do 2021 agus táimid ag súil lena chur i bhfeidhm.

Cuid lárnach den obair sin i 2021 isea bearta breise a chur i bhfeidhm chun taisteal gníomhach a éascú, ós rud é go bhfuil siúl agus rotháocht chomh tábhachtach dár sláinte choirp agus mheabhrach. Ina theannta sin, chuir Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall tús arís lena Seisiúin Bheo HomeFit Fhine Gall atá ar fáil ag <https://learning.fingal.ie/course/view.php?id=175> chun tacú le cónaitheoirí atá ag iarraidh aclaíocht a dhéanamh sa bhaile.

Leanann seirbhísí dramhaíola ag feidhmiú de ghnáth faoi shrianta reatha Covid, agus ar an drochuair caithfear an teachtaireacht a athrú ní fiú amháin go bhfuil dumpáil mídhleathach gránna, ach tá rioscaí ann don fhiadhúlra agus don chomhshaol freisin. Níl aon leithscéal ann gan freagracht a ghlacadh as gach dramhaíl agus mar Chomhairle táimid tiomanta do ghníomh forfheidhmithe i gcoinne dumpála mídhleathaí lena n-áirítear teaghlach a thugann dramhaíl d'oibreoirí neamhúdaraithe.

Críochnaíodh Faiche an tSráidbhaile nua i Mullach Íde an Nollaig seo caite agus tá sé ar fáil mar spás poiblí nua-athchóirithe do chónaitheoirí. Bhí an tionscadal Faiche an tSráidbhaile mar chuid de Straitéis na Scéime Réimse Poiblí do Mhullach Íde agus tá sé tar éis feabhas a chur ar an spás poiblí atá ar fáil don phobal. Tá an spás ar fáil le húsáid ag cónaitheoirí anois ach níor cheart ach dóibh siúd a bhfuil rochtain acu ar Fhaiche an tSráidbhaile nua laistigh dá 5 ciliméadar cuairt a thabhairt air. I ngach áit phoiblí, cuimhnigh ar threoirínte um fhadú sóisialta a leanúint.

Táimid go léir ag tnúth le bliain níos dóchasaí i 2021 agus táimse, go pearsanta, ag tnúth le leanúint ag déanamh ionadaíochta ar mhuintir Fhine Gall mar Mhéara i 2021.

An Comhairleoir David Healy
Méara Fhine Gall

Teachtaireacht ón Phríomhfheidhmeannaigh



Agus muid ag dul i ngleic le Paindéim Covid-19 agus na dúshláin a bhaineann leis, téann Comhairle Contae Fhine Gall isteach i 2021 le plan uailmhianach chun leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí ardchaighdeán dá cónaitheoirí agus chun bonneagar nua a fheabhsú agus a sheachadadh sa Chontae.

Rith an Chomhairle buiséad láidir do 2021 a bheidh ina chabhair mhór d'Fhine Gall chun freastal ar dheiseanna agus ar dhúshláin i mbliana.

In ainneoin na gcúinsí a chruthaigh Covid-19 níor maolaíodh ár n-uailmhian agus i measc na dtionscadal iomadúla a chuirfear chun cinn i mbliana tá dearadh Bhealach Cósta Fhine Gall, bealach siúil agus rotháochta áineasa 32 ciliméadar ar ardchaighdeán feadh chósta Fhine Gall, Bealach Glas na Canálach Ríoga i mBaile Átha Cliath 15 atá ag céim an réamhdhearaidh faoi láthair, agus tuilleadh dul chun cinn sa tionscadal Ár mBaile Brigín chun leanúint ar aghaidh le hathnuachan Bhaile Brigín.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ag seachadadh aonaid tithíochta sóisialta agus ag soláthar réitigh tithíochta de réir Phlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann mar go bhfuil spriocanna nua leagtha síos do Chomhairle Contae Fhine Gall do 2021. Tá clár tógála uailmhianach ar bun ag an gComhairle le suíomhanna ar fud an chontae ar nós i mBaile na hEaglaise, Baile Átha Claithe 15, Bóthar an Choláiste, Baile Dúill agus Cul de Sacs Radharc an Tobair, Radharc an Tobair, Baile Átha Cliath 15.

Le haghaidh 2021 beimid ag cur Taisteal Gníomhach chun cinn mar bhealach éasca agus inrochtana do dhaoine gníomhaíocht choirp a ionchorprú ina saol laethúil, ag spreagadh siúl agus rotháocht agus iad ag taisteal gach lá chun na hoibre, na scoile nó na siopaí. Cuidíonn sé seo linn maireachtáil go sábháilte le Covid-19, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun ár bhfolláine choirp a fheabhsú.

Tá go leor oibre le déanamh fós maidir le Covid-19. Ní mór dúinn a bheith airdeallach fós, ní mór dúinn fós ár lámha a ní, masc aghaidhe a chaitheamh, cloí le fadú sóisialta agus ár dteagmhálacha sóisialta a laghdú. Go raibh maith agat as an eagrán seo de Nuacht Fhine Gall a léamh. Fan sábháilte.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach

Oibríocht Ghlantacháin Mhór eile ag Comhairle Contae Fhine Gall

Thug Roinn Comhshaoil Chomhairle Contae Fhine Gall faoi oibríocht imréitigh dramhaíola suntasach inné ag Naomh Mhuire, Bóthar Cheapaí i bhFionnghlas agus baineadh 145 tonna de dhramhaíl tí agus théagartha, lena n-áirítear ábhar tógála agus scartála, den láithreán.

Chuir an Garda Síochána, Cosaint Shóisialta, Custaim, an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Dramhaíola Thar Teorainneacha agus an tÚdarás Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola Réigiúnach (WERLA) tacaíocht ilghníomhaireachta ar fáil.

Díríodh ar dhíchóimeáil neamhdhleathach Feithiclí a bhfuil a Ré Caite (FRCanna) mar chuid den oibríocht agus tógadh roinnt carranna agus veaineanna lasmuigh den láithreán agus tugadh iad chuig Saoráid Cóireála Údaraithe le haghaidh aisghabhála agus diúscairthe. Rinneadh oibreacha sibhialta suntasacha lena raibh suiteáil de bhloic mhóra choincréite agus tógáil de bheirmeacha ithreach mar chuid den oibríocht chun rochtain a shrianadh agus chun atarlú a chosc.

Rinneadh na céadta tonna de dhramhaíl tí agus théagartha a dhumpáil go mídhleathach gach bliain a chosnaíonn na céadta mílte euro d'údaráis áitiúla. Déantar é a dhumpáil i lánáil, i bpáirceanna agus i gceantair iargúlta gan aon smaoineamh faoin damáiste a dhéantar. Truaillíonn sé na huiscebhealaí, truaillíonn sé an talamh agus scriosann sé an tuath. Dóitear ábhair dramhaíola freisin lenar scaoileadh múch tocsaineach isteach san aer a anáilimid. Tá freagracht ar gach duine a gcuid dramhaíola a dhiúscairt ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe chun an comhshaol a chosaint do na glúine atá le teacht.



Agus ag an seoladh dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy: “Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta ár n-ithreacha agus ár n-uisce a chosaint ar thruailliú dramhaíola.

“Tá na hoibríochtaí seo riachtanach chun a chinntiú go ndéantar staid neamhúdaraithe agus díobhálach don chomhshaol a dhíchóimeáil i gceart.

“Tá stóráil agus díchóimeáil neamhúdaraithe d'fheithiclí a bhfuil a ré caite ina mbaol mór don chomhshaol.

“Tá go leor ábhar guaiseach in FRCanna mar chadhnraí aigéid luaidhe, ola bhealaithe, fuarthán, leacht choscáin, agus tionairí catalaíocha, nach mór gach ceann díobh a dhiúscairt go sábháilte d'fhonn truailliú a chosc.

“Tá gníomh éifeachtach ag an Rannán Forfheidhmithe Dramhaíola Chomhairle Contae Fhine Gall agus údaráis eile i gcoinne na suíomhanna seo tábhachtach chun timpeallacht Fhine Gall a chosaint.

“Molaim an gníomh seo agus na gníomhaireachtaí eile (An Garda

Síochána, Custaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an tÚdarás Ceannais Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola). “

Úsáidtear maoiniú luachmhar agus acmhainní bainteacha ar bhonn seachtainiúil chun ceantair a ghlanadh ina ndéantar dramhaíl a dhumpáil, maoiniú a d'fhéadfaí a úsáid níos fearr chun seirbhísí pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla a fheabhsú.

Leanann oifigigh forfheidhmithe dramhaíola le tacaíocht ó na Gardaí áitiúla ag úsáid CCTV i gcomhar le patróil rialta chun a chinntiú go stopann an cineál seo gníomhaíochta mídhleathaí agus go dtugtar na daoine atá freagrach chun dlí. Is féidir fíneálacha suas le €5,000 a fhorchur ag an gCúirt Dúiche Má fhaightear duine ciontach as dramhaíl a bhailiú go mídhleathach, dumpáil dramhaíola nó dramhaíl a sholáthar do bhailitheoir dramhaíola mídhleathach.

Chun bailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe nó dumpáil neamhúdaraithe a thuairisciú déan teagmháil le environment@fingal.ie nó Cuir Glaoch ar: 01 8906799.

Deasc Nuachta

Dul chun cinn Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide

Foilsíodh agus cuireadh an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide (PGAA) Chomhairle Contae Fhine Gall i láthair comhairleoirí an tseachtain seo.

Léiríodh sa tuarascáil a cuireadh i láthair comhairleoirí, in 2020 go bhfuil neart dul chun cinn déanta ar fheidhmiú an Phlean, agus gur éirigh leis an gComhairle a spriocanna d'fheabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh a chomhlíonadh bliain roimh an spriocdháta a bhí sonraithe sa sceideal, agus go bhfuil córas bainistíochta fuinnimh a bhfuil ISO 50001 á chomhlíonadh aige ag an gcóras anois.

Foilsíodh PGAA den chéad uair i Meán Fómhair 2019 agus rinneadh cur síos ann ar 130 gníomh faoi chúig théama. Is gníomhartha ginearálta iad seo, tá tréimhse rollach cúig bliana luaite leo agus go ginearálta tá saolré sa bhreis ar bhliain luaite le gach ceann.

Ceann den cheithre sprioc a bhí sonraithe sa Plean Gníomhaíochta ba ea go mbeadh feabhas 33% le tabhairt faoi deara ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi mhí na Nollag 2020, sprioc a comhlíonadh bliain níos túsce ná mar a bhí sonraithe sa sceideal. Tugadh le fios in Athbhreithniú Fuinnimh na Foirne Bainistíochta Fuinnimh le haghaidh 2019, i gcomhar le Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, gur tháinig feabhas 34.5% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle, rud a chiallaíonn go raibh an sprioc 33% le haghaidh 2020 á sárú.

Is ionann an feabhas seo agus dearbhchoigilteas de 12.4 GWh de phríomhfhuinneamh nó 4,578 tona de CO2.

Chomh maith leis sin, d'fhorbair an Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh córas bainistíochta fuinnimh deimhnithe ISO 50001, a éascaíonn maoirseacht feabhsaithe ar chuntais fuinnimh ar bhonn míosúil. Cinntíonn sé seo go bhfuil maoirseacht á déanamh ar gach cuntas agus tacóidh sé le feabhas leanúnach.



Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy faoin gcéad Tuarascáil Bhliantúil: "Is léir go bhfuil ag éirigh go breá leis an gcur chuige réigiúnach i ndáil le dréachtú na bPleananna Gníomhaíochta um Athrú Aeráide i gceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus leis an gcur chuige comhoibríoch feidhmithe atá á stiúradh ag Oifig Réigiúnach Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath agus Codema. Táimid ar tí tús a chur leis an bpróiseas dúshlánach agus fiúntach a bhaineann leis an aistriú chuig réigiún atá neodrach ó thaobh aeráide de agus seasmhach."

"Táim ag súil le bheith ag obair leis na Comhairleoirí ar fad, oifigigh na Comhairle agus ionadaithe na sochaí sibhialta agus leanúint le feidhmiú an phlean sna blianta amach romhainn."

Tá 70% den soilsíú poiblí athraithe chuig LED anois agus tá sé beartaithe críoch a chur leis an obair in 2021. Tá 15% den obair a bhaineann le flít feithiclí Chomhairle Contae Fhine Gall a aistriú go flít leictreonach curtha i gcrích agus tá 34 feithicil bóthair leictreach i mbun feidhme agus tá 15 fheithicil eile ordaithe le haghaidh tús 2021.

In 2020 bronnadh brat glas ar sheacht bpáirc a nglactar leo mar spásanna glasa inbhuanaithe. Tá méadú ag teacht go leanúnach ar an acraíocht móinéar bláthanna fiáine i bpáirceanna,

spásanna oscailte agus ciumhaiseanna bóthair. Tá Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht á dhréachtú a sholáthróidh gréasán éiceolaíoch seasmhach athraithe aeráide ar fud an chontae agus táthar ag leanúint le Cláir um Fheasacht Aeráide & Comhshaoil leis an bhfoireann agus leis an bpobal.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: “Cé go bhfuil dul chun cinn iontach déanta againn i rith na chéad bliana dár bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide, tá neart fós le déanamh.”

“Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le CARO, Codema, na húdaráis áitiúla ar fad i mBaile Átha Cliath agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil, chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus chun ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil le gníomhú i gcoinne an athraithe aeráide.”

Cabhróidh feidhmiú leantach an Phlean Gníomhaíochta, i gcomhpháirt le CARO, Codema agus páirtithe leasmhara eile, le tacaíocht ó bheartas Rialtais, leis an mbonnsraith a leagan lena chinntiú go mbeidh an réigiún seasmhach ó thaobh na haeráide de faoi 2030, agus cabhróidh sé freisin leis an mbonnsraith a leagan do shochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Tá PGAA agus an Chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn le fáil ag: <https://www.fingal.ie/climate-change-action-plan-2019-2024>



Glaobail Fhine Gall

Táimid anseo má theastaíonn tacaíocht phraiticiúil uait nó duine chun labhairt leis.

Is féidir linn cabhrú le:

- Bia, cógais, breosla nó earraí tí eile a sheachadadh
- Duine éigin le labhairt leis nó le teagmháil a dhéanamh leis
- Tacaíochtaí praiticiúla eile
- Treorú agus atreorú chuig eolas agus seirbhísí iontaofa

1800 459 059

covidsupport@fingal.ie

KEEP WELL
IN YOUR COMMUNITY

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Deasc Nuachta

Seolann Leabharlanna Fhine

Gall rSheirbhísí nua chun tacú le foghlaim le linn na dianghlasála

Is féidir le scolaíocht bhaile agus foghlaim ar líne a bheith an-deacair, go háirithe faoi na cúinsí reatha.

Mar sin féin, ba mhaith le Leabharlanna Fhine Gall lámh chúnta a thabhairt le seoladh dhá rSheirbhís úrnua a thacaíonn le litearthacht agus oideachas STEAM.

Oibríonn an chéad cheann de na breiseanna nua, Lexia, ar líofacht, stór focal, agus tuiscint, rud a ligeann d'úsáideoirí de gach aois na scileanna rithábhachtacha a dhéanann léitheoir rathúil a chleachtadh. Oiriúnach go maith don fhoghlaim phearsantaithe, tá an clár éasca le húsáid, le saoráid amháin do dhaltáí bun scoile, agus ceann eile do dhaltáí meánscoile agus do dhaoine fásta. An rud is fearr ar fad, is féidir rochtain a fháil air ar scoil, sa bhaile nó sa leabharlann fiú.

Cuirfidh Clubanna Códúcháin nua de chuid Leabharlanna Fhine Gall in éineacht le Códúchán Éireann ceachtanna agus turgnaimh praiticiúla atá inrochtana go héasca ar fáil do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, agus do leanaí. Tá ceithre chlub oscailte faoi láthair le haghaidh aoiseanna 6 – 7; 8 – 10; 11-13 agus 14+. Cé go mbeidh cúnamh ó thuismitheoirí ag teastáil ó na haoisghrúpaí níos óige, cuirtear na ranganna ar bun chun ligean do na haoisghrúpaí níos sine oibriú go neamhspleách ar a luas féin.

Tá rochtain saor in aisce ag baill de Leabharlanna Fhine Gall ar ár seirbhísí agus ar n-acmhainní iontacha ar líne. Cuirimid nuachtáin dhigiteacha, irisleabhair, greannáin, sruthú ceoil, ríomhleabhair, closleabhair, tadhallchlóscríobh, cúrsa oideachasúil agus go leor eile ar fáil.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar rSheirbhísí Leabharlanna Fhine Gall, téigh <https://www.fingal.ie/council/service/fingal-library-eservices-and-eresources-online>, nó seol ríomhphost chuig library.eservices@fingal.ie.



Leabharlanna Fhine Gall ag dul i ngleic le dúshlán Covid

Thug Leabharlanna Fhine Gall aghaidh ar phaindéim Covid-19 tríd an dúshlán a bhaineann le seirbhísí a sholáthar ar bhealaí éagsúla a chomhlíonadh.

Dúirt Leabharlannaí Contae Betty Boardman: “Ar dtús ní raibh le déanamh againn ach gach rud a aistriú go dtí an spás digiteach agus fíorúil, agus bhí r-sheirbhísí an-tábhachtach.

“I lár na dianghlasála i mBealtaine 2020 rinneamar méadú 82 faoin gcéad ar úsáid r-sheirbhísí a thairfeadh ó Eanáir 2020.”

I measc na r-sheirbhísí tá r-irisí, r-leabhair, closleabhair, cúrsaí r-fhoghlama agus seirbhísí sruthaithe ceoil, iad go léir saor in aisce ar láithreán gréasáin Leabharlanna Fhine Gall agus aip oifigiúil Leabharlanna Fhine Gall, a chuireann ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar r-sheirbhísí, seiceáil a dhéanamh ar an gcatalóg, agus leabhair a chur in áirithe ón mbaile.

Bhog an Clár Imeachtaí éagsúil arna óstáil agus arna eagrú ag Leabharlanna Fhine Gall go dtí an spás fíorúil chomh



maith, rud a spreag na baill foirne chun a gcuid cruthaitheachta agus ilchumais a thaispeáint.

Dúirt Betty: “I roinnt cásanna, ghlac na daoine a dhéanfadh na himeachtaí seo de ghnáth páirt ann agus rinneadar físeáin agus podchraoltaí, ach go minic chruthaigh ár bhfoireann féin an t-ábhar.

“Rinne siad seisiúin scéalaíochta, cúrsaí grianghrafadóireachta, ranganna ióga, agus ceardlanna filíochta, agus bhí siad an-chruthaitheach agus dícheallach i 2020.”

Ag tús na chéad dianghlása, chomhordaigh Údarás Áitiúil leis an Rialtas, grúpaí pobail agus eagraíochtaí eile chun tús a chur leis an seirbhís Glaonna Pobail, agus d’fhéach Leabharlanna Fhine Gall ar an Seirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach mar chuid de seo.

Dúirt Betty: “Bhí Seirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach againn i gcónaí chun leabhair a sheachadadh do dhaoine nach raibh ábalta a dtithe a fhágáil agus bheartaíomar í a athbhrandáil mar an tSeirbhís Leabharlainne Chocúnaithe.

“Seirbhís seachadta leabhar a bhí ann go bunúsach do dhaoine a bhí ag cocúnú.

“Le cúpla mí anuas, rinneamar 300 seachadadh de

4000 leabhar go 166 duine.

Léiríonn na hiarrachtaí seo tiomantas do sheirbhís dhaonlathach agus dírithe ar dhaoine.

Chuir an scríbhneoir cáiliúil as Baile Átha Cliath Dermot Bolger síos ar leabharlanna mar “na spásanna is daonlathaí, neamhbhreithiúnacha atá againn, áit is féidir linn a bheith mar shaoránaigh seachas tomhaltóirí.”

“Ní gá duit aon airgead a íoc le bheith i do bhall den leabharlann, agus ní chuirfidh aon duine iachall ort rud ar bith a cheannach nuair a thagann tú isteach i leabharlann, mar sin is áit an-ré chúiseach í le bheith ann.”



INSIDE FINGAL

THE FINGAL COUNTY COUNCIL PODCAST

Inside Fhine Gall Podcast seoladh

Is podchraoladh é ‘Inside Fingal’ arna tháirgeadh ag Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Fhine Gall chun léargas a thabhairt d’éisteoirí ar an obair atá á dhéanamh ag comhairleoirí agus baill foirne chun áit níos fearr a dhéanamh d’Fhine Gall chun cónaí, obair, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann.

Is féidir teacht air ar láithreán gréasáin na comhairle, fingal.ie, ár gcainéil meán sóisialta nó aipeanna ar nós iTunes, Spotify, Stitcher, Castbox agus Podchraoltaí Google.

Go dtí seo, tá cúig eagrán curtha le chéile agus tá an séú ceann le teacht ag déireadh mhí Feabhra. Clúdaíonn na heagrán ábhair ar nós Seirbhís Leabharlainne Fhine Gall, Tacaíochtaí Gnó, An Plean Gníomhaíochta Aeráide, Fhine Gall Inbhuanaithe agus Oifig Fiontar Áitiúil Fhine Gall.

Tá gach eagrán ar fáil freisin ag fingal.ie/podcast

€190,000 ón Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i measc Bailte agus Sráidbhailte i bhFine Gall

Bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú €190,000 ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020. Tá an cistiú dírithe ar chabhrú le pobail freagairt do COVID-19 trí chonláistí allamuigh a fhorbairt agus spásanna poiblí a bharrfheabhsú agus leagfar béim freisin ar thacú le cianoibriú i bpobail tuaithe.

Nuair a chuirtear an cistiú seo, a bronnadh faoin mbabhta is déanaí den Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020, is ionann an cistiú iomlán a bronnadh ar 10 mbaile agus sráidbhaile i bhFine Gall agus €422,000.

Cuirfear cistiú €21,600 ar fáil chun ceantair a uasghrádú a roghnaíodh mar Phoirtí Ceangail Leathanbhanda chun cianoibriú agus rochtain dhigiteach a éascú don daonra áitiúil i mBaile an Rólaigh agus Lusca (Man O'War).

Ceadóidh €99,000 a bhronnfar ar Bhaile an Ridire áiseanna nua siúil agus rothaíochta a fhorbairt, chomh maith le bearta feabhsaithe sráid-dreacha a dhéanamh.

Bainfidh Paróiste San Maighréad tairbhe as cúnamh deontais €69,525 chun feabhas a chur ar an gceantar áitiúil ina bhforbrófar limistéar glas nua agus ina gcuirfear feabhas ar shócmhainní oidhreachta agus ar rochtain ar an sráidbhaile.

Agus fáilte á cur aige roimh an gcistiú nua a d'fhógair an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries, TD, dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy,



“Cuirim fáilte roimh fhógairt an Aire. Tugann Comhairle Contae Fhine Gall tús áite do Thaisteal Gníomhach agus cuirim fáilte mhór dá bharr roimh chistiú do bhealaí feabhsaithe siúil agus rothaíochta. Cuirtear fáilte ar leith roimh Phoirtí Ceangail Leathanbhanda a fhorbairt agus rachaidh sé chun sochair mhóir d'oibrithe, mic léinn agus an phobail i gcoitinne sna ceantair seo”.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, “Tá Fine Gall ar thús cadhnaíochta fhreagairt an phobail do Covid-19 agus leanfaidh an Chomhairle leis an bhfreagairt áitiúil a stiúradh don phaindéim trí thacaíochtaí pobail agus gnó agus bonneagar a fhorbairt.”

Dúirt Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha

Chomhairle Contae Fhine Gall, Emer O'Gorman: “Cuireann an cistiú leis an rath a bhí ar Chomhairle Contae Fhine Gall acmhainní breise a fháil do cheantair áitiúla i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Bhí an bhliain seo an-deacair ar ghnólachtaí agus pobail agus níl sa Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ach sampla eile den infheistíocht leanúnach atá á déanamh i bhFine Gall trí réimse beart chun muinín ghnó a spreagadh agus chun cabhrú le pobail éirí níos athléimní”.

Cuirtear an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar fáil tríd an Rannóg um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

The National Framework for Living with COVID-19

Taking Care of our Wellbeing & Resilience in Dublin



Coronavirus
COVID-19
National
Programme

COVID-19 has turned 2020 into a year like no other.

The National Plan for Living with COVID-19 is fundamentally about our personal and collective resilience and wellbeing. So, let's start with ourselves – keeping well individually will help us support one another and our communities.

We all need a little help at times – Healthy Ireland is building a programme of activities around five simple actions that we can all take to keep well.

1 Keeping active

Outdoor activity is important for physical and mental health. Sport Ireland will support people to stay active through the winter. Look out for online activities you can join.

2 Keeping in contact

Person-to-person connection is vital to our wellbeing. Don't let isolation become a problem – ask for help if you need it, offer help if you can. The Dublin City and County Councils will provide a helpline and support services as part of The Community Call.

3 Getting creative

Learn something new, get back to nature, find ways to relax, rediscover your own locality. Engage creatively with local historical spaces and places. The Dublin City and County Councils and the Creative Ireland Programme will provide initiatives in the arts, crafting, culture and heritage.

4 Eating well

Make the connection between the food you eat and how you feel, mentally and physically. Bord Bia will support healthy eating this winter. Libraries will promote a grow your own food initiative for spring. Safefood's *START* campaign will help parents to introduce healthier habits with their kids.

5 Minding your mood

Anxiety is a real problem – do not ignore it. Find out where to go if you or someone you know needs support. The HSE's *yourmentalhealth.ie* website has useful information and look out for the upcoming HSE online *Minding Your Wellbeing* programme.



The National Framework for Living with COVID-19 will help us to manage the risk associated with the virus. However, we also need to focus on wellbeing – the wellbeing of our country and the personal wellbeing of every one of us. That requires three things: healthy people, strong businesses and resilient communities.

Dublin Community Call helpline is there if you need practical support or someone to talk to:

01 222 8555 City

01 271 3199 Dún Laoghaire-Rathdown

1800 459 059 Fingal

1800 240 519 South Dublin

Make a daily plan to do at least one thing every day that will keep you well.

There is an abundance of things to do and to discover in Dublin.

Find what's available at gov.ie/HealthyIreland or at the Dublin City and County Councils' websites.



Sláintecare.
Right Care. Right Place. Right Time.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Fógraí Íocaíochta Seasta eisithe

D'eisigh Comhairle Contae Fhine Gall 75 Fógra Íocaíochta Seasta d'úinéirí feithiclí tar éis dhá mhór-oibríocht Feithicil Deireadh Saoil (ELV) ag Lána Dhún Sinche, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11 agus Lána Naomh Críostóir, Ceapach, Baile Átha Cliath 11 i mí Iúil agus Deireadh Fómhair 2020.

Baineadh 360 Feithicil Deireadh Saoil (dramh-ghluaisteáin) as na suíomhanna agus tugadh chuid Saoráid Cóireála Údaraithe (ATF) iad le hathchúrsáil agus díúscairt cheart.

Meastar go n-eiseoidh Comhairle Contae Fhine Gall 150 Fógra Íocaíochta Seasta eile d'úinéirí dramh-ghluaisteáin eile a aimsíodh ar Lána Dhún Sinche agus Lána Naomh Críostóir.

Ceanglaítear leis na Rialacháin um Fheithiclí Deireadh Saoil 2014 nach ndéanann úinéir dramh-ghluaisteáin an fheithicil sin a scriosadh ach mar dhramhaíl ag ATF. Is cion é mura ndéantar é seo agus tá feidhm ag Fógra Íocaíochta Seasta de €100 ina leith. Ba cheart deimhniú scriosta (COD) a fháil ón ATF chun an fheithicil a dhiúscairt agus chun a dhearbhu go bhfuil sí curtha den bhóthar. Mura dtugtar gluaisteán chuig ATF agus go bhfaightear COD, féadfar fíneálacha a ghearradh ar úinéir na feithicle as cionta mótaí nó féadfar é a chúiseamh i ngníomhaíocht mhídhleathach, má bhíonn a fheithicil bainteach le coir níos déanaí.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy: "Caithfidh gach duine freagracht a ghlacadh as a gcuid dramhaíola, agus tá sé seo níos tábhachtaí fós dár sealbha níos mó ar nós feithiclí. Tá suíomhanna neamhúdaráithe ELV ina n-ualach don chomhshaol i bhFíne Gall agus tá riosca suntasach ann do shábháilteacht chomhshaoil agus phearsanta. Bainfidh Fógraí Íocaíochta Seasta le húinéirí feithiclí sna suíomhanna seo, mar sin spreagaim cónaitheoirí sonraí aon duine a thairgeann an tseirbhís seo a sheiceáil."



Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tarraingíodh aird ar shuíomhanna Feithicil Deireadh Saoil Neamhúdaráithe (ELV) mar Thosaíocht Náisúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola d'údarais áitiúla ar fud na tíre agus tá oibreacha curtha i gcrích ag Comhairle Contae Fhine Gall chun roinnt suíomhanna sa chontae a ghlanadh. Tá Fógraí Íocaíochta Seasta mar chuid den bhfeachtas seo agus tá siad tábhachtach chun stop a chur le daoine ag úsáid na seirbhísí mídhleathacha seo. Tá áiseanna cóireála dlíthiúla agus údaráithe ar fáil inar féidir le cónaitheoirí a gcuid feithiclí a thabhairt chun iad a athchúrsáil i gceart, saor in aisce."

Cuireadh in iúl don Chomhairle go bhfuil roinnt oibreoir trucaile aisghabhála ag gearradh táillí ar bhail an phobail chun a ngluaisteán a "scrapáil". D'fhéadfadh ATF táille bailithe a ghearradh má bhailíonn siad do dhramh-ghluaisteán, ach ní ghearrfaidh siad táille ort chun é a scrapáil – tá an tseirbhís seo saor in aisce. Ba cheart do bhail an phobail cuimhneamh ar shonraí a choinneáil maidir le cé a thugann siad a ngluaisteán dóibh agus, má dhíolann siad é, deimhin a dhéanamh de go líonann siad isteach na sonraí athraithe úinéireachta iad féin agus iad a sheoladh ar ais chuig an Roinn Iompair sa tSionainn. Tá stóráil agus díchoimeáil

neamhúdaráithe ELVanna ina riosca suntasach don chomhshaol. Tá raon olaí dramhaíola agus leachtanna eile in ELVanna a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu ar an gcomhshaol mura ndéantar iad a dhíscáileadh agus a dhiúscairt i gceart. Tá go leor ábhar guaiseach in ELVanna mar cheallraí aigéid luaidhe; leachtanna, lena n-áirítear ola bhealaithe, fuarthán agus leacht coscán; agus tionairí catalaíocha, agus caithfeadh iad a dhiúscairt go sábháilte d'fhonn truailliú a chosc.

Tá trí Shaoráid Cóireála Údaraithe i bhFíne Gall ar féidir leat do sheanghluaisteán a thabhairt le haghaidh athchúrsála saor in aisce:

1/ Seirbhísí Athchúrsála agus Aisghabhála "Gannon's City" Teo. Láithreán Gréasáin: www.gannonscityrecovery.ie

2/ Tarrtháil Tionsclaíochta, Talmhaíochta agus Innealtóireachta Teo. (IAES). Láithreán Gréasáin: www.scrapmycar.ie

3/ Ionad Athchúrsála agus Aistrithe Naomh Mairéad Teo. Láithreán Gréasáin: www.stmargaretsrecycling.ie

Tá tuilleadh eolais ar Fheithiclí Deireadh Saoil ar fáil ag ELVES: <https://www.elves.ie/How-to-Recycle> nó trí theagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Fhine Gall – An Roinn Comhshaoil Teil: 01 8905000.

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Clár Éire Ildánach Fhine Gall 2021 oscailte le haghaidh maoinithe

Cuirfidh an ciste tacaíocht ar fáil do dhaoine aonair agus/nó do ghrúpaí áitiúla, atá ag feidhmiú ar bhonn neamhbhrabúis, do thionscadail a thugann aghaidh go cruthaitheach ar théamaí Folláine agus Cultúr Pobail, Oidhreacht, Ceol, STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic) agus an Ghaeilge. Mar gheall ar Covid agus na srianta atá ann faoi láthair sa timpeallacht fhisiciúil, moltar d'iarthóirí tograí a mheas agus a athshamlú trí ardáin fhíorúla agus ar líne.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy: "Fáiltím roimh an bhfógra faoin maoiniú seo a chabhróidh le cruthaitheacht a chothú agus a chabhróidh go mór le grúpaí agus le daoine aonair i bhFhine Gall agus iad ag forbairt tionscadal ina gceantar féin. Rachaidh na tionscadail chruthaitheacha seo chun leasa an phobail ag am a bhfuil géarghá leis."

Dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall, trína Straitéis Éire Ildánach, tiomanta do dheiseanna a sholáthar do dhaoine ar fud an chontae a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Ní raibh an chruthaitheacht riamh níos tábhachtaí ná sna hamanta deacra seo agus muid ag déileáil le dúshlán Covid."

Dúirt an Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta & Cultúir Emer O'Gorman, a bhfuil Clár Éire Ildánach Fhine Gall faoina Roinn anois: "Soláthraíonn ár Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018 – 2022 creat le haghaidh rannpháirtíochta leanúnaí idir an pobal, cleachtóirí cruthaitheacha agus Comhairle Contae Fhine Gall. Lean ár ngrúpaí pobail agus áitiúla ag léiriú a dtiomantais do chur le cultúr agus cruthaitheacht trí fhéilte agus imeachtaí a reáchtáil agus tacaíocht a fháil trí mhaoiniú.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais 4pm ar an Aoine, an 5 Márta 2021.

Cuireann Oifig Ealaíon 'Once Upon A Sound at the Hide Sculpture' i láthair

I 'Once Upon A Sound at the Hide Sculpture', tugann an craoltóir iomráiteach Donal Dineen sinn ar iniúchadh domhain ar cheol i gcuideachta roinnt de na ceoltóirí is fearr sa tír. Inseoidh siad scéal a bhfuaimne, na n-amhrán, na n-uirlisí, agus an bhaint atá acu leo.

I ngach sraith seinnfidh siad ag an Dealbh Hide, dealbh leis an ealaíontóir Garrett Phelan a thugann cuireadh do mhachnamh agus d'éisteacht dhomhain. Tá sé suite ar feadh Inbhear Bhaile Róiséir, Tuaisceart Bhaile Átha Cliath agus tá daonra éagsúil éan cónaitheach agus éan imirceach ann a roghnaigh an áit seo mhar bhaile.


An mhí seo tá an-áthas orainn Niwel Tsumbu a chur i láthair. Ó tháinig sé go hÉirinn ón gCongó i 2004, tá cáil inmhaite ar Niwel Tsumbu mar ghiotáraí, amhránaí, ceoltóir, comhoibrí agus cumadóir galánta agus oilte. Sheinn sé leis na ceoltóirí is fearr in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus é ag leanúint ar aghaidh ag cruthú a cheoil chumaisc sainiúil féin de snagcheol nua, rhumba, domhan, flamenco, rac, soukous agus clasaiceach.

Dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy: "Is úsáid nuálach eile iad na taifeadtaí seo den Dealbh Hide ag Páirc Bhaile Róiséir agus tréasláim leo siúd atá ag forbairt na páirce mar shócmhainn níos mó do phobal Fhine Gall agus tá áthas orm na healaíona a fheiceáil ag cur leis an bpróiseas seo."

Labhair Emer O'Gorman, Stiúrthóir Forbartha Turasóireachta, Eacnamaíochta agus Cultúrtha do Chomhairle Contae Fhine Gall faoin tionscnamh: "Tá fíoráthas orainn tacú leis an sraith seo go háirithe mar chuid dár n-infheistíocht shuntasach sa Dealbh Hide ag Páirc Bhaile Róiséir, Lusca go háirithe le linn Covid 19 nuair atá sé níos tábhachtaí ná riamh tacú le healaíontóirí, go háirithe ceoltóirí a bhfuil tionchar ag na deiseanna laghdaithe orthu dul ar camchuairt agus léiriúcháin beo a thabhairt, rud a bhraitheann gach éinne uathu go mórmhór."


Beidh 'Once Upon a Sound at the Hide Sculpture' le Niwel Tsumbu ar fáil le feiceáil ar **Vimeo Ealaíona Fhine Gall** & **www.thehideproject.com** áit is féidir leat breith suas freisin leis an sraith go dtí seo le léiriúcháin fhíoráille le Liam Ó Maonlaí agus Anna Mieke.

RADHARC AN GHEIMHRIDH:



Ar deiseal ón mbarr ar chlé: éirí na gréine ag Oileán Sionnaigh, Na Sceirí; na ceantair móorthimpeall ar Chaisleán Shoirid agus Páirc an Bhaile faoi bhrat sneachta; Nollaig Fhine Gall (grianghrafadóir: Tony Healy - tony@dublinhousephotography.com / 086 8054 275); Luí na Gréine ag Trá Bhaile Brigín; iontais an gheimhridh ag Diméin Ard Giolláin.

SIOC I BHFINE GALL



Ar deiseal ón mbarr: snámhóirí farraige cróga ag tabhairt aghaidh ar thonnta Thrá Bhaile Brigín; conairí seaca i bPáirc an Droichid Nua; siúlóid sneachtúil in Ard Giolláin; bóithre geimhriúla i Sord; áilleacht chósta Fhine Gall.

Faiche An tSráidbhaile Athfhorbartha I Mullach Íde

Rinneadh athfhorbairt shuntasach ar Fhaiche an tSráidbhaile i Mullach Íde agus tá sé ar fáil anois le húsáid ag an bpobal.

Rinneadh na hoibreacha seo i rith na bliana agus críochnaíodh iad in am.

Tá sé mar aidhm mhór ag na hoibreacha seo Straitéis Réimse Phoiblí Chomhairle Contae Fhine Gall do Mhullach Íde 2014 a chur i gcrích fiú leis na deacrachtaí a cruthaíodh leis an bpaideim Covid-19.

Bhí Rannán Bonneagair Ghlais agus Páirceanna na Comhairle i gceannas ar an tionscadal chun cáilíocht Faiche an tSráidbhaile a athbheochan agus a fheabhsú agus chun an spás oscailte a fheabhsú mar spás a fhéadfaidh cónaitheoirí Mhullach Íde agus turasóirí cuairt a thabhairt air agus taitneamh a bhaint as.

D'eascair an plean ceadaithe le haghaidh Faiche an tSráidbhaile ó phróiseas fairsing comhairliúcháin phoiblí agus ba é Murray and Associates Landscape Architecture a dhear é.

Bhí sraith feabhsuithe ar an bhfearann poiblí i gceist le Faiche an tSráidbhaile, lena n-áirítear pábháil nua agus troscán sráide a shuiteáil, an spás oscailte a ath-chomhrianú chomh maith le plandáil.

Tá an cumas aige a bheith ina mhol gníomhaíochta eacnamaíochta agus mar áit bhailiúcháin shóisialta do thaistealaithe a úsáideann an líonra féarbhealaigh atá pleanáilte. Is spás oscailte pábháilte é Plás an Bhaile, cuid amháin d'Fhaiche nua



an tSráidbhaile agus úsáidfear é le haghaidh deiseanna cultúrtha agus tráchtála éagsúla.

Ag an seoladh dúirt Méara Fhine Gall An Comhairleoir David Healy ar chur i gcrích an tionscadail: “Bhí an tionscadal Faiche an tSráidbhaile mar chuid de Straitéis Réimse Phoiblí foriomlán níos mó do Mhullach Íde ina ndearnadh iarracht an spás poiblí atá ar fáil do phobal an bhaile a fheabhsú.

“Is iontach a fheiceáil an Fhaiche a bheith críochnaithe agus oscailte go hiomlán, agus is dea-shampla é den obair chrua leanúnach a rinne gach duine a bhí bainteach le linn tráthanna deacra.

“Chuir na srianta moill ar an tionscadal seo ach níor tháinig aon athrú ar an tiomantas chun taitneamhacht fheabhsaithe a sholáthar do Mhullach Íde agus soláthroidh an spás glas seo briseadh riachtanach sa dúlra i lár an bhaile do na cónaitheoirí.”


Labhair AnnMarie Farrelly,

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall faoi na buntáistí a bhaineann leis an infheistíocht don bhaile agus na deiseanna a chuirfidh sí ar fáil: “Cuirfidh infheistíocht shuntasach Chomhairle Contae Fhine Gall sa tionscadal seo go mór le croílímistéar an tSráidbhaile, ag soláthar spáis nua agus fheabhsaithe do chónaitheoirí agus do chuirteoirí araon scíth a ligean agus taitneamh a bhaint as.

“Neartóidh na hoibreacha an nasc idir an Faiche agus sráidbhaile Mhullach Íde agus cruthóidh sé pointe fócasach láidir agus féiniúlacht laistigh den sráidbhaile agus cuirfidh siad feabhas freisin ar na radharcanna cósta ar féidir taitneamh a bhaint astu ón spás oscailte.”

Tá an scéim mar chuid den Straitéis Réimse Phoiblí do Mhullach Íde ar thug Comhairle Contae Fhine Gall faoi in 2014. Rinneadh an spás idir Phlás an Bhaile agus an Fhaiche a leathnú, rud a sholáthraíonn plás uirbeach nua ag an spás trasdula idir an sráidbhaile agus an Fhaiche.

Coronavirus COVID-19



Coronavirus
COVID-19
Public Health
Advice

Stay safe. Protect each other.

Continue to:



Wash

your hands well
and often to avoid
contamination.



Cover

your mouth and nose
with a tissue or sleeve
when coughing or
sneezing and discard
used tissue safely




Distance

yourself at least
2 metres (6 feet) away
from other people,
especially those who
might be unwell



Avoid

crowds and
crowded places



Know

the symptoms. If you
have them self isolate
and contact your GP
immediately

COVID-19 symptoms include

- > high temperature
- > cough
- > breathing difficulty
- > sudden loss of sense of smell or taste
- > flu-like symptoms

If you have any symptoms, self-isolate to
protect others and call your GP for a
COVID-19 test.

#holdfirm

For more information

www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Ireland's public health advice is guided by WHO and ECDC advice



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

BRONNTAR MACASAMHAIL DE TAISPEÁNTAS CHREACHADH

Bhronn Leabharlanna Contae Fhine Gall macasamhail den Taispeántas Chreachadh Bhaile Brigín (comhdhéanta de 6 phainéal) ar Chumann Staire Bhaile Brigín agus a Cheantair.

Reáchtáladh an bronnadh oifigiúil an 16 Nollaig os comhair Leabharlanna, Staidéar Áitiúil agus Seirbhís Chartlainne Fhine Gall ar 46 Sráid Thuaidh, Sord.

Dúirt Betty Boardman, Leabharlannaí Contae Fhine Gall: “Sa taispeántas, léirítear go beoga an tionchar a bhí ag Creachadh Bhaile Brigín ar an mbaile agus ar a áitritheoirí, agus bhí an Cumann chun tosaigh chun Comóradh Céad Bliain na hócáide a cheiliúradh i mbliana.”

An Clr. Dúirt Grainne Maguire, a raibh ag déanamh ionadaíochta ar Mhéara Fhine Gall ag an mbronnadh: “Tá obair den scoth á dhéanamh ag Cumann Staire Bhaile Brigín agus a Cheantair ar aird a tharraingt ar stair Bhaile Brigín agus í a chur chun cinn.

Dúirt AnnMarie Farrelly Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: “Bhí ríméad ar Chomhairle Contae Fhine Gall an taispeántas macasamhla seo a chur i láthair ina dtaispeántar ceann de na hamanna is stairiúla i stair Bhaile Brigín agus Fhine Gall. Ba mhaith liom Leabharlanna Fhine Gall agus ár gCartlainnaí Contae a mholadh as a gcuid oibre iontaí sna cuimhneacháin i mbliana.”

Chuir Leabharlanna Fhine Gall taispeántas ar fáil i rith 2020 faoi Chreachadh Bhaile Brigín. Is í Catherine Keane, Leabharlannaí Sinsearach, Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall a choimeádann an taispeántas san Atrium i Halla an Chontae, Sord atá ar taispeántas ó mhí Mheán Fómhair ionas go mbeadh sé ar siúl ag an am céanna le comóradh Chreachadh Bhaile Brigín. Féadtar breathnú ar líne ar an taispeántas seo.

Bunaíodh Cumann Staire Bhaile Brigín agus a Cheantair sa bhliain 1981 agus é mar aidhm spéis a chur chun cinn i stair áitiúil Bhaile Brigín agus an Cheantair trí léachtaí, foilseacháin agus taispeántais agus Músaem a bhunú i gCeantar Bhaile Brigín.

Bhronn Cathaoirleach Chumann Staire Bhaile Brigín agus a Cheantair agus ball den Choiste, Brian Howley ceann dá mbonn cuimhneacháin freisin ar Mhéara Fhine Gall, ar an bPríomhfheidhmeannach, ar Stiúrthóir Seirbhísí Emer O’Gorman agus ar Leabharlannaí Contae Betty Boardman.



Fáiltíonn Fhine Gall le Turas Cruicéid na hAfraice Theas

Ag cur chun páirce ceann de na foirne cruicéid is fearr ar domhan lena n-áirítear an déantóir céid idirnáisiúnta is tapiúla ar domhan David Miller, beidh an Afraice Theas ag filleadh ar Fhine Gall agus ar Éirinn, don chéad uair i gceithre bliana déag ón 11ú go dtí an 20ú Iúil 2021, agus an dá fhoireann ag iarraidh na bpointí cáilitheacha do Chorn Domhanda an Chruicéid a dhaingniú a bheidh ar siúl san India i 2023.

Bhí ríméad ar Mhéara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy, fáilte a chur roimh an nuacht faoi chamchuairt na hAfraice Theas, á rá: “Is mór an spreagadh é seo d’Fhine Gall. Taispeánann sé arís, más féidir linn oibriú le chéile chun an víreas seo a throid anois, is féidir linn a bheith ag tnúth le spórt den chéad scoth inár bpobal áitiúil i mí Iúil.”

Leanfaidh Cruicéad Éireann ag obair le Cruicéad na hAfraice Theas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, agus an Grúpa Saineolaithe Spóirt chun a chinntiú go gcomhlíonann gach cluiche na prótacail COVID-19 atá i bhfeidhm, agus mar sin tá na sonraí go léir faoi réir athraithe.

Sraith na hÉireann in aghaidh na hAfraice Theas

- 11 Iúil: Éire in aghaidh na hAfraice Theas, 1ú ODI (Mullach Íde)*
- 13 Iúil: Éire in aghaidh na hAfraice Theas, 2ú ODI (Mullach Íde)*
- 16 Iúil: Éire in aghaidh na hAfraice Theas, 3ú ODI (Mullach Íde)*
- 20 Iúil: Éire in aghaidh na hAfraice Theas, 1ú T20I (Mullach Íde)

* Tá na cluichí mar chuid de Shraithchomórtas Chorn Domhanda an ICC

Máistir-Ranganna sa dara Sraith Cóitseála do Mhná sa Spórt seolta

Tá an dara sraith de mháistir-ranganna cóitseála do Mhná sa Spórt seolta ag Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall agus ag an Mol Spóirt Pobail i mBaile an Tirialaigh/Mullach Eadread.

Bhí Cliodhna O'Connor, buaiteoir Chraobh na hÉireann agus cóitseálaí, ag labhairt le Cliona Foley, saor-scríobhneoir spóirt iomráiteach agus láithreoir den phodchraoladh spóirt ban "Off the Bench".

Is as club Naomh Mearnóg i bhFine Gall í Clíodhna O'Connor agus bhí sí ina cuid lárnach den fhoireann 2010 cheannródaíoch a bhuaigh an corn Brendan Martin den chéad uair do Bhaile Átha Cliath. Bronnadh trí ghradam Sárimeoir uirthi, roghnaíodh mar chúl báire í san Fhoireann is Fearr le Deich mBliana

Anuas de chuid LGFA/TG4, agus rinne sí ionadaíocht ar son na hÉireann i gcoinne na nÁistráile sa traith Peil Chomhrialacha. Ó d'éirigh sí as mar imreoir, tá sí an-ghníomhach mar chóitseálaí – sa bhliain 2017 agus 2018 bhí sí mar chuid den fhoireann cóitseála le Cuala nuair a bhí siad i mbun Craobh na hÉireann san iománaíocht a bhaint amach, agus faoi láthair tá sí ag obair mar chóitseálaí le Foireann Iomána Sinsearach Bhaile Átha Cliath.

Mar gheall ar an gcumhdach ardchaighdeán atá ag Cliona Foley i réimse eágsúil spóirt, aithnítear í mar cheann de na scríbhneoirí spóirt is fearr atá againn in Éirinn. Duine í atá go mór ar son próifíl agus cumhdach ban sa spórt a mhéadú, tá 3 Cluichí Oilimpeacha clúdaithe aici, mar

aon le 20 Craobhchomórtas an Domhain agus na hEorpa agus os cionn 100 Craobh na hÉireann.

Chun páirt a ghlacadh sa tSraith do Mhná sa Spórt, tabhair cuairt ar an Tairseach Foghlama - Fine Gall Folláin ag <https://learning.fingal.ie/>

TÁ TÚ AG TEASTÁIL DO RITH PAIRCE SOISEARACH BEARTAITHE AG PAIRC NA MILAOISE

Is éard atá i Rith Páirce Sóisearach ná sraith de rití dhá ciliméadar seachtainiúla do leanaí idir aois 4 go 14 bliana d'aois a reáchtáiltear ar fud na hÉireann agus tá an ócáid saor in aisce chun páirt a ghlacadh ann, sábháilte d'úsáideoirí agus is féidir é a chríochnú trí rith, bogshodar, nó siúl.

Tá roinnt imeachtaí rith páirce sóisearach ar fud an chontae ach níl aon cheann acu i mBaile Átha Cliath 15 agus mar sin le go dtarlóidh an rith spraoi seo tá gá againn le hoibrithe deonacha chun 1-2 uair dá gcuid ama a thabhairt ar maidin Dé Domhnaigh!

Ní tharlóidh an ócáid ach a luaithe a cheadaíonn treoirlínte sláinte poiblí

Líon amach an léiriú spéise le do thoil: <http://bit.ly/d15juniorparkrun>. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le: Gordon Ward, Oifigeach Mol Spóirt Pobail Fhine Gall, Gordon.ward@fcrs.ie / 083-326-7071.



Bhí Cliodhna O'Connor le feiceáil ar an dara máistir-rang ar líne.

Helping your business
respond to COVID-19

Visit [LocalEnterprise.ie/Response](https://www.localenterprise.ie/Response)





CRÍOCHNAÍODH AN CHÉAD CHÉIM D'OIBREACHA FORBARTHA BOGAIGH I BPÁIRC DÚLRA THUIRBHE

Tá an chéad chéim de thionscadal forbartha bogaigh i bPáirc Dúlra Thuirbhe i nDomhnach Bat díreach críochnaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall. Rinneadh limistéar reatha bogaigh a shíneadh agus cruthaíodh limistéar nua bogaigh 2 acra sa chéim seo i mbliana.

Beartaíonn an Chomhairle, ag cur leis an dul chun cinn seo, dhá limistéar nua mhóra bogaigh eile a thógáil an bhliain seo chugainn chun sraith nasctha linnte fionnuisce agus bogach sa Pháirc Dúlra. Beartaítear go meallfaidh seo réimse níos fairsinge de phlandaí agus ainmhithe chuig an bpáirc.

Tá gliondar croí ar Hans Visser, Oifigeach Bithéagsúlachta Fhine Gall, leis na torthaí agus dúirt sé: “Tógadh Cró nua Gabhlán Gainimh freisin, arb é an chéad cheann dá shamhail in Éirinn. Tá súil againn Gabhlán Ghainimh a mhealladh mar éan goir nua sa pháirc agus beidh monatóireacht á déanamh againn ar an úsáid a bhaineann Gabhlán



Ghainimh as an suíomh nua neadaithe sna blianta amach romhainn”.

Tabharfaidh na hoibreacha forbartha bogaigh agus na hoibreacha uasghrádaithe cosáin deis níos fearr do chuirteoirí freisin chun taitneamh i bpearsan a bhaint as an mbogach agus an fiadhúlra atá ann.

Tá forbairt an bhogaigh mar chuid de thiomantas Chomhairle Contae Fhine Gall dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta agus Athrú Aeráide.

Thug an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) cúnamh deontais don tionscadal faoi Chiste Thionscadal Bithéagsúlachta Údarás Áitiúil an Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta.





Coronavirus
COVID-19
Public Health
Advice

**WASH
and
GO**

CLEAN HANDS STOP THE
SPREAD OF COVID-19

**Stay safe.
Protect each other.**
hse.ie

  **Rialtas na hÉireann
Government of Ireland**

Maoiniú LEADER Suntasach ceadaithe do thionscadail nua i gceantar tuaithe Fhine Gall

Chuir Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh faomhadh de €637,000, lena n-áirítear deontas ranníocaíochta leath mhilliún euro d'fhorbairt ionad pobail i Lusca, do shé thionscadal tuaithe i mBaile Átha Cliath faoin gClár Leader.

Ag a gcruinniú i mí na Nollag a tionóladh ar líne, cheadaigh Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath, a dhéanann maoirseacht ar an gClár LEADER i mBaile Átha Cliath, na tionscadail i réimsí na forbartha eacnamaíche agus an ionchuimsithe shóisialta. Tá cúig cinn de na tionscadail cheadaithe lonnaithe i bhFhine Gall.

Bronnadh maoiniú dar luach € 500,000 ar Ionad Cultúrtha Pobail Lusca, atá á chur chun cinn ag Comhairle Pobail Lusca, i dtreo teachín stairiúil tréigthe a athrú trí phrionsabail athchóirithe agus caomhnaithe a úsáid chun saoráid phobail nua a chruthú do Lusca.

Suite ar Bhóthar na hEaglaise, tugtar Teachín Katie Hunt ar an láithreán agus tá sé réigthe faoi láthair. Cuirfidh a athfhorbairt, i dteannta leis an togra comharsanachta d'fhorbairt chónaithe beag de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, go mór le taitneamhachtaí an cheantair agus soláthróidh sé pointe lárnach nua do chuairteoirí agus do phobal Lusca. Tá an tionscadal le tosú go gairid agus beidh sé críochnaithe faoin bhfómhar de 2021.

Is iad na tionscadail eile a ceadaíodh le haghaidh maoinithe:

- Club CLG Naomh Maur an Rois - €39,262.10 le haghaidh Uasghrádú ar Chlubtheach
- CLG Club Dornálaíochta Bhaile Bachaille - €18,785.31 do Threalamh Chlub Dornálaíochta
- Club Rugbaí Bhaile Brigín - €28,257.24 le haghaidh Oibreacha Forbartha ar Shoilsíú Club
- Ina theannta sin, faomhadh €26,854.74 breise ar CLG Chomhairle Pobail Lusca don Staidéar Féidearthachta um Fhís Lusca 2030
- Grúpa Pobail ReNewcastle i mBaile Átha Cliath Theas - €23,010.99 do Thionscadal Lyons Conair Oidhreachta An Chaisleáin Nua

Ag cur fáilte roimh an bhfógra maoinithe is déanaí, dúirt an Méara Fhine Gall, an Clr. David Healy: 'Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil as a dtacaíocht leis an Tionscadal Lusca agus leis na tionscadail nua eile a ligfidh do chumas forbairt leanúnach na bpobal

inbhuanaithe inár gceantair tuaithe."

Dúirt Brian Arnold, Cathaoirleach Chomhairle Pobail Lusca: "Tá cloch mhíle mhór bainte amach ag Comhairle Pobail Lusca d'fhorbairt Ionad Cultúrtha Pobail nua i Lusca le tacaíocht airgeadais ó LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Táimid ag obair go dlúth le LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe agus le Comhairle Contae Fhine Gall ó Eanáir 2020 chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích agus creidimid go mbeidh an tionscadal seo ina shaoráid phobail an-tábhachtach i gcroílár Lusca meánaoiseach."

Dúirt Eilish Harrington, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhpháirtíocht LEADER Fhine Gall: "Is tionscnamh iontach é an tionscadal seo a bhfuil áthas ar LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe a bheith in ann é a mhaoiniú. Is sampla iontach é an tionscadal seo de Ghrúpa Pobail, LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe agus Comhairle Contae Fhine Gall ag obair le chéile agus toradh deiridh iontach ann do Phobal Lusca."

Dúirt Laurence Ward ó Chumann Feirmeoirí na hÉireann atá ina Cathaoirleach reatha ar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe: "Is dea-scéal é an cinneadh infheistíochta seo do Bhaile Átha Cliath Tuaithe agus Fhine Gall Tuaithe agus is mór an borradh é dár gceantair tuaithe le linn tréimhse an-dúshlánaí."

Ag trácht dí ar thoradh an chruinithe dúirt Emer O'Gorman, Stiúrtóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta agus Cultúir Chomhairle Contae Fhine Gall: "Leanann LAG LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe agus Comhairle Contae Fhine Gall ag obair le chéile chun tacú le hinfeistíocht inár gceantair tuaithe. Cuidíonn an cur chuige comhpháirtíochta seo le tacú lenár bpobail agus soláthraíonn sé spreagadh a bhfuil géarghá leis don gheilleagar áitiúil."

Ghabh Declan Ryan, Bainisteoir LAG, buíochas le baill an LAG as a dtacaíocht leanúnach maidir leis na tionscadail a fhaomhadh, ag rá: "Seachadfaidh an Clár LEADER reatha a mhaoiniú leithdháilte iomlán do thionscadail nua faoi dheireadh na bliana. Leanfaidh LAG LEADER Bhaile Átha Cliath Tuaithe ag soláthar infheistíochta nua i gceantair tuaithe 2021 agus tá smaointe agus tograí nua tionscadail á lorg aige ina leith seo."



Líníocht den ionad pobail beartaithe i Lusca

Tosaíonn Daltaí Fiontraíochta Fhine Gall ar Bhealach a Leasa Náisiúnta Ar Líne

Chuir daltaí fiontraíochta ar fud Fhine Gall tús lena n-aistear i gClár Fiontraíochta na nDaltaí (SEP) na bliana seo, agus iad ag féachaint ar aghaidh go Babhta Ceannais Náisiúnta na bliana seo chugainn. Tá an clár seo atá á reáchtáil ag an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) á sheachadadh ar bhealach éagsúil i bhfianaise na srianta reatha ar fud na tíre, agus Babhta Ceannais fíorúil a bheidh ann ar Aoine 14ú Bealtaine 2021.

Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, cuireadh imeacht deiridh Chlár Fiontraíochta na nDaltaí (2019/20) roimhe seo siar.

Ach an tseachtain seo fuair gach ceann de na trí fhiontar daltaí a bhuaigh a nduaiseanna agus a ngradaim: Meánscoil Loreto i mBaile Brigín don chatagóir shóisearach le gnó darb ainm “Campo de Fiori”, a tháirgeann raon maisiúcháin bláthanna d’ócáidí éagsúla; Coláiste Éamann Rís i mBaile Bhlainséir don chatagóir idirmheánach, lena bhfiontar darb ainm “Candle Holders Out Of Sustainable Equipment (C.H.O.O.S.E)”; agus buaiteoirí na catagóire sinsearaí Coláiste Pobail Caisleán Cnúcha le “Globenomics”, cluiche cártaí nuálach a thugann léargas domhain ar eacnamaíocht do dhaltaí an chláir nua um Theastas Sóisearach.

Is é seo an 18ú bliain den chlár fiontraíochta meánscoile is mó in Éirinn agus tá os cionn 200,000 dalta tar éis páirt a ghlacadh ann ó thosaigh sé. Is gnách go mbíonn an Babhta Ceannais ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ach i mBealtaine 2021, beidh an ócáid ar siúl ar líne de réir na dtreoirilínite reatha.

Do na daltaí a bheidh san iomaíocht thar thrí chatagóir, Sóisearach, Idirmheánach agus Sinsearach, beidh moltóireacht ag tarlú go fíorúil trí aighneachtaí leictreonacha.

Tugtar dúshlán do gach fiontar daltaí a ngnó féin a chruthú, a bhunú agus a rith, a chaithfidh díolacháin a seirbhíse nó a dtáirge a thaispeáint.

Cuimseoidh an clár dhá chatagóir bhreise ar féidir le daltaí cur isteach orthu chomh maith. Is iad seo an comórtas fise “Smaoineamh Gnó Is Cruthaithí” don chatagóir shinsearach agus an chatagóir “M’aistear Fiontraíochta” do na catagóirí Sóisearacha agus Idirmheánacha.

As na 25,000 dalta a ghlac páirt go náisiúnta i gClár Fiontraíochta na nDaltaí na bliana seo caite, is as Fine Gall, as 25 meánscoil, 2,500 (nó 10%) acu.



In ainneoin na paindéime, tá an líon daoine atá ag glacadh páirte arís i mbliana an-chosúil.

D’éirigh le Fine Gall roimhe seo sa chomórtas le Scoil Educate Together Mhullach Íde Phort Mearnóg ag baint an chéad duais amach sa chatagóir Shóisearach ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta i 2019 le “SpecRest”, gléas chun earraí súl a stóráil go caothúil.

Dúirt Oisín Geoghegan, Cathaoirleach Líonra LEO agus Ceann Fiontair i bhFine Gall:

“Táimid ag spreagadh daltaí chun smaointe gnó a chur in oiriúint do dhúshlán nua fiontraíochta agus atá inbhuanaithe i gcúrsaí eacnamaíochta an lae inniu.

“Agus é seo san áireamh tá an clár tar éis athrú agus cé go bhfuil an bealach atá sé á seachadadh (atá ar líne den chuid is mó), difriúil, beidh na daltaí fós in ann obair le chéile ina suíomh scoile chun a ngnóanna a fhorbairt. Is í seo an bhliain is dúshlánaí atá againn go dtí seo i stair Chlár Fiontraíochta na nDaltaí, ach beidh sé spreagúil a fheiceáil cad iad na gnóanna domhanda nua a chruthóidh ár ndaltaí”.

Ba iad buaiteoirí Bhabhta Ceannais Chlár Fiontraíochta na nDaltaí 2020 sa chatagóir shinsearach ‘Handy Hose Holders’ ó CBS Durlas i dTiobraid Árann dá réiteach praiticiúil píobán bléanlainne a ghlac Glanbia ó shin. Bhuaigh ‘Aim It Board’ an chatagóir idirmheánach ó Choláiste Loreto i mBaile Átha Cliath agus bhuaigh Sofatop ó Choláiste Pobail Bhéal Átha Beithe i Muineachán an duais don chatagóir Shóisearach.

Ó thosaigh an SEP i 2003, ghlac níos mó ná 200,000 dalta páirt ann, ag foghlaim príomhscileanna maidir le conas smaoinemh gnó a chruthú, gnó a thosú agus gnó a fhás. Tá raon nua acmhainní ar líne ag SEP freisin do 2020 / 2021 ag www.StudentEnterprise.ie, ina mbeidh blaganna rialta agus ina mbeidh réimse iomlán d’acmhainní Fiontraíochta Daltaí do dhaltaí agus do mhúinteoirí.

Cuireann Comhairle fáilte roimh thionscnamh an Chomhairleora Theicniúil Tithíochta a thacaíonn le Daoine Breacaosta a sheoladh

Cuireann Comhairle Contae Fhine Gall fáilte roimh phoist Chomhairleora Theicniúil Tithíochta a thacaíonn le Daoine Breacaosta a sheoladh i ngach ceann de na 31 údarás áitiúil atá in Éirinn.

Thug ball foirne ag a bhfuil an saineolas teicniúil cuí faoi oiliúint le hAoisbhá Éireann lena chur ar a gcumas sainchomhairle a sholáthar do Chomhairle Contae Fhine Gall, do leasanna na hearnála príobháidí ar mian leo páirt a ghlacadh i dtithíocht aoisbháúil a sholáthar, agus do bhaill an phobail.

Léirítear sa tionscnamh an uailmhian gach duine, ar gach aois, a chumasú chun saol níos faide agus níos sláintiúla a mhaireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin, agus daoine breacaosta a chumasú trí rogha níos mó a thabhairt dóibh trí réimse roghanna tithíochta a fhorbairt a oireann dá riachtanais.

Tá seo ar aon dul le comhráiteas beartais na Roinne Tithíochta agus na Roinne Sláinte, Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Aosú agus le fíis Aoisbhá Éireann a léiríodh i gClár an Rialtais in Iúil 2020.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy: “Cuirim fáilte roimh sheoladh ról an Chomhairleora Theicniúil Tithíochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, agus gabhaim buíochas le hAoisbhá Éireann, agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtas as an tacaíocht a thug siad sa tionscnamh.

“Déanann carachtar, eispéireas agus rannpháirtíocht daoine ar gach aois ár bpobail a shaibhriú, agus cabhróidh bunú phost an Chomhairleora Theicniúil Tithíochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta linn chun torthaí tithíochta níos dearfaí níos inbhuanaithe a sholáthar do dhaoine breacaosta.”

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: “Tacóidh an Chomhairleoir Teicniúil Tithíochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a sheoladh le Gall agus údarais áitiúla eile chun dul i ngleic le riachtanais tithíochta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar fud an phobail.



“Pobal fairsing é Fine Gall pobal i dtaobh aoise agus go leor rudaí eile, agus beidh ról luachmhar ag an gComhairleoir dá bharr chun tithíocht a sholáthar a fhreagraíonn do phobal Fhine Gall agus a oireann dó.”

Dúirt Aire Stáit na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtas, Peter Burke, T.D.: “Is é an Gníomh ar leith a bhain an áit a bhfuilimid inniu amach dúinn ná Gníomh 4.13, a thug smaoinemh úrnua chun solais gur cheart d’údarais áitiúla ball foirne

a cheapadh mar chomhairleoir teicniúil maidir le tithíocht a thacaíonn le daoine breacaosta agus é ar intinn go bhfeidhmeodh an duine seo mar acmhainn do dhaoine breacaosta, do na húdarais áitiúla, agus go deimhin, d’aon duine ar mian leo teacht ar eolas faoi thithíocht a thacaíonn le daoine breacaosta.

“Scríobh mo Roinn go déanach in 2019 chuig Príomhfheidhmeannaigh údarais áitiúil agus d’iarramar orthu é seo a dhéanamh, agus nuair a chuirtear san áireamh gur chuir siad fáilte chroíúil roimh ghnéithe eile de chlár Aoisbhá Éireann, chomhaontaigh siad chun amhlaidh a dhéanamh.”

Dúirt Jackie Maguire, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí, óstach le Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann: “Ócáid thábhachtach é seoladh an lae inniu, agus forbairt eile shubstainteach é atá tagtha ar an gcomhbheartas tithíochta roinne agus aithníonn sé an tsárobar a rinne údarais áitiúla, idir Ranna, seirbhís chomhroinnte Aoisbhá agus eagraíochtaí comhpháirtíochta atá sa Ghrúpa um Chur i bhFeidhm.”

ÉACHT IONTACH BAINTE AMACH AG BAILE SLACHTMHARA SHOIRD SNA GRADAIM MÓRTAS CEANTAIR



D'éirigh thar cionn le Bailte Slachtmhara Shoird a rinne ionadaíocht ar Fhine Gall ag Gradaim Mórtas Ceantair IPB a fógraíodh tráthnóna Dé Sathairn. D'óstáil Marty Morrissey an Searmanas Bronnta Fíorúil ina raibh teachtaireacht ón Uachtarán Mícheál D Ó hUiginn do na grúpaí pobail.

D'éirigh le Bailte Slachtmhara Shoird an dara háit a bhaint amach sa chatagóir do dhaonra os cionn 5000.

Is é an grúpa áitiúil dícheallach seo saol agus anam Shoird agus d'oibrigh siad go crua chun rudaí a choinneáil ag imeacht ar feadh na míonna dianghlasála ba mheasa. Ghlac an grúpa páirt i nglao zoom leis an mbeirt bhreitheamh i mí Lúnasa áit ar léirigh siad an sár-obair a bhí ar siúl acu sa bhaile.

Is comórtas uile-oileáin é Mórtas Ceantair a aithníonn feabhsuithe a dhéanann pobail áitiúla chun mórtas cathartha a chruthú ina gceantar féin. Is é fócas an chomórtais ná daoine ag teacht le chéile chun gach a bhfuil go maith faoina gceantar a mhúnlú, a athrú agus taitneamh a bhaint as.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Bailte Slachtmhara Shoird as an éacht iontach atá bainte amach acu sna Gradaim. Aithníonn an dámhachtain Mórtas Ceantair seo an tionchar dearfach suntasach atá

ag a dtiomantas agus a gcuid oibre dá bpobal áitiúil, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Fhine Gall, go háirithe i mbliain mar 2020 le dúshlán phaindéim Covid 19."

Mhol Margaret Geraghty Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail an éacht ag rá: "Comhghairdeas mór le Coiste Bailte Slachtmhara Shoird ar an ngradam seo agus comhghairdeas le foireann Forbartha Pobail Fhine Gall as a gcuid oibre leanúnaí le grúpaí pobail agus áitritheoirí as pobail a chothú ar féidir le daoine a bheith sásta agus bródúil astu."


Dúirt Príomhfheidhmeannach Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Is mór againn i gComhairle Contae Fhine Gall an obair a dhéanann Bailte Slachtmhara Shoird agus tá an Gradam Mórtas Ceantair tuille go maith acu. Tá an méid a dhéanann Coistí Bailte Slachtmhara cosúil leo agus Grúpaí Pobail eile i bhFhine Gall thar a bheith luachmhar mar a leanann siad ag obair as láimh a chéile le go mbeidh Fhine Gall ina áit iontach chun cónaí inti nó cuairt a thabhairt uirthi. Ba mhaith liom moladh a thabhairt freisin do na hainmnithe eile i bhFhine Gall, Cumann Fálta Sceach Bhaile Bachaille agus Aoisbhá na Sceirí, as a gcuid oibre iontach sa phobal."

Féadfaidh tú féachaint ar an searmanas ar líne agus liosta iomlán na mbuaiteoirí a fháil ar Láithreán Gréasáin Mórtas Ceantair www.Prideofplace.ie

Do Chomhairleoirí



Toghcheantair Aitiúil



Baile Brigin

1. An Comh. Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@clrs.fingal.ie
086 277 2030
2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@clrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.oroaigh@clrs.fingal.ie
085 831 3801

4. An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@clrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh. Karen Power
An Comhaontas Glas
karen.power@clrs.fingal.ie
089 965 4529

An Ros - Lusca

6. An Comh. Robert O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@clrs.fingal.ie
083 322 7472

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@clrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@clrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@clrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisialach
Daonlathach
paul.mulville@clrs.fingal.ie
086 378 7395

Sord

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@clrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@clrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@clrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@clrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@clrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@clrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James Humphreys

- Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@clrs.fingal.ie

083 8560832

Binn Éadair/Mullach Íde

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@clrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@clrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@clrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@clrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@clrs.fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@clrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisialach
Daonlathach
joan.hopkins@clrs.fingal.ie

083 1031541

Caisleán Cnucha

25. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@clrs.fingal.ie
087 327 6630

26. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@clrs.fingal.ie
087 648 6228

27. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@clrs.fingal.ie
087 050 6146

28. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@clrs.fingal.ie
085 128 5493

29. An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@clrs.fingal.ie
086 8462891

30. An Comh. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@clrs.fingal.ie
087 3984778

Ongar

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@clrs.fingal.ie
085 780 9292

32. An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@clrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley

- An Comhaontas Glas
daniel.whooley@clrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@clrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke@clrs.fingal.ie
087 7042783

Baile Bhainséir - Mullach Eadrad

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@clrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@clrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtachaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtachaell@clrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@clrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@clrs.fingal.ie
087 052 5628